
# Social Story Guide


## A visit to Kilkenny Castle

**This is a story about visiting Kilkenny Castle.**



**Kilkenny Castle is a big castle the middle of Kilkenny City. The Castle has a park, with paths going through woodland areas, a pond with ducks, a Rosegarden and a playground.**
**There is a market every Thursdays & Saturdays from 9.30am to 2.30pm just outside the Castle, it has some craft and food stalls and sometimes there are street performers & musicians. Kilkenny Castle is a very busy place with a lot of visitors.**










# I arrive:



**I enter the Castle grounds through a big gate from the street.**




**There will be a sign to show where I go to buy a ticket and where to queue if I have reserved my ticket on line.**




**There are 2 queues in the Courtyard, one for people who have reserved their ticket on line and 1 for people who have bought their ticket at the ticket desk.**

**Everyone has to queue outside before entering the Castle.**



**If I want to buy a ticket I need to queue to buy a ticket from the ticket desk under the arch.**
**Everyone has to queue outside to buy a ticket from the ticket desk.**



**If I have reserved my place in advance, I join the queue in the courtyard, with this sign:**




**If I just got my ticket from the ticket desk, I join the queue in the courtyard with this sign:**



**If waiting in line is challenging for me, I can show the Castle staff my Autism I.D card then I can go inside without waiting.**

**I wait outside until a Castle staff tells me it's ok to enter.**
**I finish my food and drinks before I enter the Castle.**



**The Castle Staff will ask everyone to wear a face mask before entering the Castle.**
**If wearing a face mask is uncomfortable for me, that is okay and I don't have to wear one.**
**I can download a letter (https://asiam.ie/wp-content/uploads/2020/07/Face-mask-letter.pdf)**
**and show it to the Castle staff. The letter explains that I can't wear a face mask and this is okay.**



**I enter the Castle; I will have to sanitise my hands. I can use the hand sanitizer in the Castle or I can bring my own.**


**The Castle Staff will ask everyone that has bought a ticket at the ticket desk for their name and phone number in case of contact tracing.**




**I show my ticket to the staff member. To start my visit, I go down the corridor.**



I take an information leaflet from the display and start my visit.



My leaflet has information on the rooms in the Castle.

I will have to social distance and stay away from the other people inside the Castle. If social distancing is difficult for me, I can download a letter (https://asiam.ie/wp-content/uploads/2020/04/Letter-regarding-social-distancing.pdf) and show it to the Castle staff. This letter explains that I find it difficult to social distance and that is okay.

# SIGNS:

**I see a lot of signs in the Castle, some of the signs give me instructions to follow, some signs give me information on the rooms I see, some signs show me where to go and other signs tell me how to protect myself and others from COVID-19**
**I can ask the Castle Staff if I don't understand a sign.**

<table>
<tr>
<td>





</td>
<td>This type of signs give information on how to protect myself and others from COVID-19.</td>
</tr>
<tr>
<td>









</td>
<td>These mats are on the floor to show me where to go and to remind me to stay 2 meters away from other people.</td>
</tr>
</table>

| | |
|---|---|
|  | **This marking in the courtyard remind me to stay 2 meters away from the person in front of me when queuing in the courtyard.** |
|  | **This type of signs means that I cannot go in that way.** |
|  | **These signs tell me how many persons or family units are allowed in a room at any one time.** |
|  | **This sign means that I cannot sit on the furniture.** |

| | |
|---|---|
|   | **This type of signs with arrows and numbers show me the way to follow. I follow the arrows and the number in order from 1 to 10** |
|  | **This type of signs gives me information on the restoration work that took place in the Castle and show me photos of before and after the work. This signs are only in the Blue corridor.** |
|  | **This type of sign gives me information on the rooms I visit.** |

# Visiting Kilkenny Castle

**The Castle is very busy with visitors. The busiest days are Saturdays & Sundays and the busiest time is 11am to 3pm. Sometimes the Castle has quiet time visiting hours. I can find out these times by going online to the website http://kilkennycastle.ie/or emailing kilkennycastleinfo@opw.ie**

**When I visit Kilkenny Castle I will see rooms in the Castle the way they looked 200 years ago. The rooms have furniture and paintings. I will see ropes and barriers in the rooms. These are there to protect the furniture and paintings. They are very old and delicate, so no one is allowed to touch them. The Castle staff stay in the roped off areas and I stay on the other side. There are lots of sounds and noises that I might hear in the Castle. I can listen to some of the sounds before my visit on the Kilkenny Castle website:** https://soundcloud.com/opwireland/sets/kilkenny-castle-accessibility



# The rooms & areas I will see:

## Basement


| | | |
|---|---|---|
|  | The Undercroft | To start my visit, I go down the steps and I am in the Undercroft.<br>This part of the Castle is darker and can be damp |
|  | The Medieval Foundations | I am now in the Medieval Foundations Part of the floor is a metal grid and can be very noisy. If I find the noise stressful I can ask the Castle staff to show me a different way to continue my visit.<br>I follow the corridor |
|  | The Terrace Corridor | I go up some steps from the Terrace Corridor to the Ground floor |

# Ground Floor

| | | |
|---|---|---|
|  | **The Service Room** | **After the terrace corridor, I walk up the steps and turn right and  I enter the Service Room.** |
|  | **The Entrance Hall** | **After the Service Room, I enter the Entrance Hall. At the end of the Entrance Hall I go into the dining room.** |
|  | **The Dining Room** | **After the Entrance Hall, I go in the Dining Room** |

| | | |
|---|---|---|
|  | **The Withdrawing Room** | **I am now in the Withdrawing Room, I go around the table in the center and go back into the dining room using the other door** |
|  | **The Dining Room** | **I am now in the Dining Room again and I move to the Entrance Hall again.** |
|  | **The Entrance Hall** | **At the end of the Entrance Hall I go up the Main Staircase on the left.** |

# Main Stairs and Tapestry Room

| | | |
|---|---|---|
|  | The Main Stairs | I go up more stairs and go into the tapestry room. |
|  | The Tapestry Room | I walk around the tapestry room and go back out the door I came in. I go up the stairs into the library. |

# First Floor

| | | |
|---|---|---|
|  | **The Library** | **At the top of the Main Staircase I turn to my right. I am now on the First Floor.<br>I enter the Library.** |
|  | **The Drawing Room** | **I go straight to the Drawing Room At the end of the Drawing Room I go through the door and turn left.** |

| | | |
|---|---|---|
|  | **The Private Stairs** | **I go up the stone stairs to the blue corridor to the Second Floor to see more rooms in the Blue Corridor.** |


# Second Floor


| | | |
|---|---|---|
|  | **The Blue Corridor and the exhibition rooms** | **I reach the top of the staircase I am now on the Second Floor in the Blue Corridor**<br><br>**There are lovely views of the Park from the windows on the right.**<br>**The exhibition rooms are open for me to go in and look at the exhibitions.** |
|  | **Victorian Nursery** | **After the exhibition rooms there is the Victorian Nursery. There is a plastic panel in front of the door so I can see inside. I go a little further.** |
|  | **The Chinese Bedroom** | **At the end of the Blue Corridor there is plastic screen in front of a door so I can see inside the bedroom**<br>**I turn right and go down the Moorish Staircase.** |

# East Wing

| | | |
|---|---|---|
|  | **The Picture Gallery** | **At the bottom of the staircase**<br>**I stop and look left. I will let people who are leaving the room to go before I enter. I am now in the Picture Gallery.**<br>**The Picture Gallery is the last room of the tour. There can be a lot of people but there is a lot of space for everyone. I go on the left side of the room and go on a loop following the mats. There are red benches in the middle of the room and window seats but I cannot seat on them. I leave the Picture Gallery through the same door I came in.** |

**My visit of the Castle is now finished.**
**I follow the exit signs and go down the stairs.**





**I walk along to the end of this corridor to exit.**




**To exit, I go through the door on the far right and I go up the stairs. I push the door and I am in the Courtyard.**






# GOING TO THE TOILETS










**After my visit I can go to the toilets. I go through the doorway and turn left. I go at the end of the corridor and go up the stairs on my left.**











**I walk on the left side of the Corridor. I stop at yellow counter and I wait my turn to enter. It might be busy and I might need to queue. When I leave the toilets I go to my right and go down the stairs to the exit.**

# Staff

**I will meet Castle Staff at the Ticket Desk and in the rooms.**
**The Castle Staff can answer questions I have about the Castle's history and they are here help me. If I am overwhelmed and need to go to the quiet space, I can ask one of the Castle Staff to bring me there.**
**The Castle staff wear face masks or face shields.**
**They don't have a uniform but wear dark colours, usually black & navy.**
**The Castle staff wear badges and lanyards around their neck.**
**The Castle staff have completed the AsIAm Autism Awareness Course.**













# Treoirscéal Sóisialta


## Cuairt ar Chaisleán Chill Chainnigh

**Scéal é seo faoi chuairt a thabhairt ar Chaisleán Chill Chainnigh**



**Caisleán mór i lár Chathair Chill Chainnigh is ea Caisleán Chill Chainnigh. Baineann páirc leis an gCaisleán ina bhfuil cosáin ag casadh trí choillte, lochán le lachain ann, Gairdín Rósanna agus clós súgartha le fáil. Bíonn aonach díreach le hais an Chaisleáin gach Déardaoin agus Satharn ó 9.30am go dtí 2.30pm, ceirdeanna agus bia sna bothanna ann agus ceoltóirí agus taibheoirí sráide i measc an tslua. Áit an-ghnóthach é Caisleán Chill Chainnigh ina mbíonn go leor cuairteoirí.**












# TAGAIM:



**Téim isteach go dtí fearann an Chaisleáin trí gheata mór ón tsrái.**




**Beidh comhartha a thugann le fios cén áit is cóir dom dul chun ticéad a cheannach agus cén áit le dul sa scuaine má tá mo thicéad curtha in áirithe ar líne agam.**




**Bíonn dhá scuaine sa Chlós, ceann dóibh siúd a chuir ticéad in áirithe ar líne agus ceann dóibh siúd a cheannaigh ticéad ag deasc na dticéad.**

**Is gá do gach aon duine dul i scuaine chun dul isteach sa Chaisleán.**



Más mian liom ticéad a cheannach is gá dom dul i scuaine chun ticéad a cheannach ó dheasc na dticéad faoin áirse.
Is gá do gach aon duine dul i scuaine lasmuigh chun ticéad a cheannach ó dheasc na dticéad.



**Má tá m’áit curtha in áirithe cheana féin agam téim sa scuaine sa chlós leis an gcomhartha seo:**




**Má cheannaigh mé mo thicéad ó dheasc na dticéad díreach anois, téim sa scuaine sa chlós leis an gcomhartha seo:**



**Má tá sé dian orm fanacht sa líne, is féidir liom mo Chárta Aitheantais Uathachais a thaispeáint d'fhoireann an Chaisleáin agus is féidir liom dul isteach gan feitheamh.**

**Fanaim taobh amuigh go dtugann duine ó fhoireann an Chaisleáin le fios dom go bhfuil sé ceart go leor dul isteach.**
**Críochnaím mo bhia agus mo dheoch sula dtéim isteach sa Chaisleán.**



**Iarrfaidh foireann an Chaisleáin ar gach aon duine masc aghaidhe a chur orthu roimh dul isteach sa Chaisleán.**

**Má tá sé míchompordach orm masc aghaidhe a chaitheamh, tá sé sin ceart go leor agus ní gá dom é a chaitheamh. Is féidir liom litir a íoslódáil (https://asiam.ie/wp-content/uploads/2020/07/Face-mask-letter.pdf) agus a thaispeáint d'fhoireann an Chaisleáin. Míníonn an litir sin nach féidir liom masc aghaidhe a chaitheamh agus tá sé sin ceart go leor.**



**Téim isteach sa Chaisleán; ní mór dom mo lámha a dhíghalrú. Is féidir díghalrán lámh an Chaisleáin a úsáid nó is féidir liom mo chuid féin a thabhairt.**


**Iarrfaidh foireann an Chaisleáin ar gach aon duine a cheannaigh ticéad ag deasc na dticéad a ainm agus uimhir theileafóin a thabhairt, ar mhaithe le rianú teagmhálaithe.**




**Taispeánaim mo thicéad don bhall foirne. Chun tús a chur le mo chuairt téim síos an dorchla.**



**Tógaim bileog eolais ón taispeántas agus tosaím mo thuras.**




**Tá eolas ar mo bhileog faoi na seomraí sa Chaisleán.**

**Caithfidh mé scaradh sóisialta a chleachtadh agus fanacht siar ó dhaoine eile sa Chaisleán. Má tá scaradh sóisialta dian orm is féidir liom litir a íoslódáil (https://asiam.ie/wp-content/uploads/2020/04/Letter-regarding-social-distancing.pdf) agus a thaispeáint d'fhoireann an Chaisleáin. Míníonn an litir sin go bhfuil sé dian orm scaradh sóisialta a chleachtadh agus go bhfuil sé ceart go leor.**

# COMHARTHAÍ:

**Feicim go leor comharthaí éagsúla sa Chaisleán, tugann cuid de na comharthaí treoracha dom le leanúint, tugann cuid de na comharthaí eolas dom faoi na seomraí a fheicim, tugann cuid de na comharthaí le fios dom cén áit le dul agus tugann comharthaí eile eolas dom faoi conas mé féin agus daoine eile a chosaint ar COVID-19.**
**Is féidir liom ceist a chur ar fhoireann an Chaisleáin mura dtuigim comhartha.**

| | |
|---|---|
|      | **Tugann comhartha dá leithéid seo eolas dom faoi conas mé féin agus daoine eile a chosaint ar COVID-19.** |
|          | **Tá na mataí seo ar an urlár le cur in iúl dom cén áit le dul agus le cur i gcuimhne dom fanacht 2 mhéadar siar ó dhaoine eile.** |

| | |
|---|---|
|  | **Cuireann na marcanna seo sa chlós i gcuimhne dom fanacht 2 mhéadar siar ón duine os mo chomhair agus mé i scuaine sa chlós.** |
|  | **Cuireann comhartha dá leithéid seo in iúl dom nach féidir liom dul an bealach sin.** |
|  | **Cuireann comharthaí dá leithéid seo in iúl dom cé mhéad duine nó aonad teaghlaigh atá ceadaithe sa seomra ag an am céanna.** |
|  | **Cuireann an comhartha seo in iúl dom gan suí ar an troscán.** |

| | |
|---|---|
|  | **Cuireann comharthaí dá leithéid seo le saigheada in iúl dom cén treo le dul.** |
|  | **Cuireann comharthaí dá leithéid seo eolas ar fáil dom faoin obair athchóirithe a tharla sa Chaisleán agus léiríonn siad grianghraif roimh agus i ndiaidh na hoibre. Sa Dorchla Gorm amháin atá na comharthaí seo.** |
|  | **Tugann comharthaí dá leithéid seo eolas dom faoi na seomraí a dtugaim cuairt orthu.** |


# Cuairt a thabhairt ar Chaisleán Chill Chainnigh:

**Bíonn an Caisleán an-ghnóthach le cuairteoirí. Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh na laethanta is gnóthaí agus idir 11am agus 3pm na hamanna is gnóthaí. Uaireanta bíonn uaireanta oscailte suaimhnis sa Chaisleán. Is féidir liom teacht ar na huaireanta seo ach dul ar líne go dtí an suíomh idirlín http://kilkennycastle.ie/ nó trí rphost a chur chuig kilkennycastleinfo@opw.ie**
**Nuair a théim ar cuairt ar Chaisleán Chill Chainnigh beidh seomraí a fheicim sa Chaisleán sa riocht céanna a bhí siad 200 bliain ó shin. Tá troscán agus pictiúir sna seomraí. Tá rópaí agus bacanna sna seomraí. Tá siad sin ann chun an troscán agus na pictiúir a chosaint. Tá siad sean agus leochaileach agus níl cead ag aon duine baint leo. Fanann foireann an Chaisleáin sna limistéir atá rópáilte agus fanaimse ar an taobh eile. B'fhéidir go mbeadh torann agus fuaimeanna go leor le clos sa Chaisleán. Is féidir liom éisteacht le cuid de na fuaimeanna roimh mo chuairt ar shuíomh idirlín Chaisleán Chill Chainnigh:** https://soundcloud.com/opwireland/sets/kilkenny-castle-accessibility



# Na seomraí agus na limistéir a fheicfidh mé:

## AN tÍOSLACH:

| | | |
|---|---|---|
|  | **An Lusca** | **Chun tús a chur le mo chuairt, téim síos roinnt céimeanna agus táim sa Lusca.**<br>**Tá an chuid seo den Chaisleán dorcha agus is féidir leis a bheith tais.** |
|  | **An Bhunsraith Mheánaoiseach** | **Táim sa Bhunsraith Mheánaoiseach anois. Greille mhiotail atá i gcuid den urlár agus is féidir go mbeadh sé an-ghlórach. Más ábhar struis an torann dom is féidir liom a iarraidh ar fhoireann an Chaisleáin bealach eile a thaispeáint dom le leanúint le mo chuairt. Leanaim an dorchla.** |

| | | |
|---|---|---|
|  | **Dorchla an Lochtáin** | **Téim suas roinnt céimeanna ó Dhorchla an Lochtáin go dtí Urlár na Talún.** |


# URLÁR NA TALÚN:

| | | |
|---|---|---|
|  | **An Seomra Seirbhíse** | **I ndiaidh dhorchla an lochtáin, siúlaim suas na céimeanna agus casaim ar dheis agus siúlaim isteach sa Seomra Seirbhíse.** |


| | | |
|---|---|---|
|  | **An Halla Iontrála** | **I ndiaidh an tseomra seirbhíse, téim isteach sa Halla Iontrála.**<br>**Ag deireadh an Halla Iontrála, téim isteach sa Seomra Bia.** |
|  | **An Seomra Bia** | **I ndiaidh an Halla Iontrála, téim isteach sa Seomra Bia.** |


| | | |
|---|---|---|
|  | **An Parlús** | **Táim sa Pharlús anois. Téim timpeall an bhoird i lár an tseomra agus ansin ar ais go dtí an Seomra Bia, ag baint úsáid as an doras eile.** |
|  | **An Seomra Bia** | **Táim sa Seomra Bia arís anois agus téim ar ais go dtí an Halla Iontrála arís.** |
|  | **An Halla Iontrála** | **Ag deireadh an Halla Iontrála téim suas an Príomhstaighre ar an taobh clé.** |

# An Príomhstaighre:


| | | |
|---|---|---|
|  | **An Príomhstaighre:** | **Téim suas a thuilleadh céimeanna agus isteach sa Seomra Taipéise.** |
|  | **An Seomra Taipéise** | **Féachaim timpeall ar an seomra agus téim amach an doras céanna ar tháinig mé isteach tríd. Siúlaim suas an staighre agus isteach sa Leabharlann.** |

# AN CHÉAD ÚRLÁR:

| | | |
|---|---|---|
|  | **An Leabharlann** | **Ag barr an Phríomhstaighre casaim ar dheis. Táim ar an gCéad Urlár anois.<br>Téim isteach sa Leabharlann.** |
|  | **An Parlús** | **Téim díreach go dtí an Parlús. Ag deireadh an Pharlúis téim tríd an doras agus casaim ar clé.** |


| | | |
|---|---|---|
|  | **An Staighre Príobháideach** | **Téim suas na céimeanna cloiche go dtí an dorchla gorm go dtí an Dara hUrlár chun níos mó seomraí sa Dorchla Gorm a fheiceáil.** |

# AN DARA hURLÁR:


| | | |
|---|---|---|
|  | **An Dorchla Gorm agus na seomraí taispeántais** | **Sroichim barr an staighre. Táim ar an Dara hUrlár anois sa Dorchla Gorm.**<br><br>**Tá radharcanna áille ar an bPáirc ó na fuinneoga ar thaobh na láimhe deise.**<br><br>**Tá na seomraí taispeántais oscailte agus fáilte romham dul isteach ag breathnú na dtaispeántas.** |


| | | |
|---|---|---|
|  | **An Naíolann Victeoiriach** | **I ndiaidh na seomraí taispeántais tá an Naíolann Victeoiriach. Tá scáileán plaisteach os comhair an dorais. Is féidir liom féachaint isteach. Téim ar aghaidh beagán.** |
|  | **An Seomra Leapa Síneach** | **Ag deireadh an Dorchla Ghoirm tá scáileán plaisteach os comhair dorais. Is féidir liom féachaint isteach ar sheomra leapa.**<br><br>**Casaim ar dheis agus téim síos an Staighre Múrach.** |

# AN SCIATHÁN THOIR:

| | | |
|---|---|---|
|  | **Gailearaí na bPictiúr** | **Ag bun an staighre**<br>**Stopaim agus féachaim ar clé. Má tá daoine ag fágáil an tseomra scaoilfidh mé leo sula dtéim féin isteach. Táim i nGailearaí na bPictiúr anois.**<br>**Is é Gailearaí na bPictiúr an seomra deireanach ar an turas. Bíonn go leor daoine ann uaireanta ach tá go leor spáis ann do gach duine. Téim ar thaobh na láimhe clé den seomra agus siúlaim i lúib, mar atá leagtha amach ar na mataí. Tá binsí dearga i lár an tseomra agus tá suíocháin in aice na bhfuinneog ach ní féidir liom suí orthu. Fágaim Gailearaí na bPictiúr tríd an doras céanna ar tháinig mé isteach tríd.** |

**Tá mo chuairt ar an gCaisleán thart anois.**
**Téim síos staighre agus leanaim na comharthaí don bhealach amach.**





**Siúlaim go deireadh an dorchla seo chun dul amach.**




**Chun dul amach, téim tríd an doras is faide ar dheis agus téim suas an staighre. Brúim amach an doras agus fágann sé sin sa Chlós mé.**






# AG DUL GO DTÍ AN LEITHREAS:










**Nuair a bhíonn an turas déanta agam is féidir liom dul go dtí an leithreas. Téim tríd an doras agus ar clé. Téim go deireadh an dorchla agus téim suas an staighre ar thaobh mo láimhe clé.**






**Siúlaim ar an taobh clé den dorchla. Stopaim ag an gcuntar buí agus fanaim le mo sheal le do isteach. D'fhéadfadh sé a bheith gnóthach agus uaireanta is gá dul i scuaine. Nuair a fhágaim na leithris téim ar dheis síos an staighre go dtí an bealach amach.**

# FOIREANN:

**Casfaidh mé le Foireann an Chaisleáin ag Deasc na dTicéad agus sna seomraí.**
**Is féidir le Foireann an Chaisleáin ceisteanna atá agam faoi stair an Chaisleáin a fhreagairt. Tá siad ann mar chabhair dom. Má éirím suaite agus más gá dom dul go dtí an spás ciúin, is féidir liom iarraidh ar dhuine d'Fhoireann an Chaisleáin mé a thabhairt ann.**
**Bíonn masc aghaidhe nó sciath aghaidhe á chaitheamh ag Foireann an Chaisleáin.**
**Ní chaitheann siad culaith aitheantais ach bíonn éide dhorcha orthu, dubh nó dúghorm de ghnáth.**
**Bíonn suaitheantais ar fhoireann an Chaisleáin agus lainnéir ar a muineál.**
**Tá Cúrsa Feasachta AsIAm ar an Uathachas déanta ag foireann an Chaisleáin.**









